Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2015

# Matamaitic

Aonad T5 Páipéar 1

**(Gan Áireamhán)**

Bonnsraith

**[GMT51]**

*GMT51*

**DÉ MÁIRT 26 BEALTAINE, 1.30pm–2.30pm**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

**Ní mór duit na freagraí a scríobh sna spásanna chuige sin. Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.**

Comhlánaigh le peann gorm nó le peann dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**

Freagair **gach ceann** de na **hocht** gceist **déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

**Níl cead** agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Déanfar Eilimintí Feidhmeacha a mheasúnú sa pháipéar seo.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **2(b)** agus **17**.


Ba chóir duit rialóir, compáis agus uillinntomhas a bheith agat.

Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.


9467.02

# Bileog Foirmlí

**Achar traipéisiam** $= \frac{1}{2}(a + b)h$




**Toirt priosma** = achar trasghearrtha × fad



**1** Tá ceapairí do chóisir á ndéanamh ag Michelle. Baineann sí úsáid as an fhoirmle thíos leis an líon ceapairí a ríomh ba chóir di a dhéanamh.

**líon ceapairí = líon daoine × ceathair + seasca**

**(a)** Bain úsáid as an fhoirmle leis an líon ceapairí a ríomh ba chóir di a dhéanamh do 145 duine.

Freagra ____________________ [2]

**(b)** Tá 145 canna cóla de dhíth ar Michelle don chóisir.
Ní féidir na cannaí cóla a cheannach ach i bpacaí de 12 ar chostas £4 an paca.
Cá mhéad airgid a chosnóidh sé ar Michelle go leor cóla a cheannach don chóisir?

Freagra £ ____________________ [3]

**[Tiontaigh an leathanach**

**Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gcuid (b) den cheist seo.**

**2** Is é 61.2 mm an bháisteach do mhí Iúil 2013 a thaifead ionad aimsire.

**(a)** Bain úsáid as seo le **meastachán** a dhéanamh ar an bháisteach iomlán do 2013


Freagra ______________ mm [2]

**(b)** Déan trácht ar chomh maith, is dócha, agus a bheidh an meastachán seo.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**3** Is iad 475 cm faoi 295 cm na tomhais atá ar sheomra dronuilleogach.
**Déan meastachán** ar an líon tíleanna cearnógacha dar taobh 32 cm atá de dhíth leis an urlár a chlúdach.
**Taispeáin do chuid oibre go soiléir.**




Freagra ______________ [3]

**4** Ón liosta focal atá tugtha, scríobh an focal is fearr le cur síos a dhéanamh ar an tseans go dtarlóidh na himeachtaí seo:

**Dodhéanta** **Neamhdhóchúil** **Seans cothrom** **Dóchúil** **Cinnte**

**(a)** go bhfuil lá sa tseachtain nach bhfuil an litir 'a' ann.

Freagra ______________________________ [1]

**(b)** 'go gclisfidh' bolgán solais nuair a lasctar an solas ann.

Freagra ______________________________ [1]

**(c)** go bhfaighfear corruimhir i ndiaidh dísle a rolladh aon uair amháin.

Freagra ______________________________ [1]

---

**5** Scríobh uimhir i ngach bosca leis an áireamh a dhéanamh ceart.

**(a)** $4 \times \square + 6 = 38$ [1]

**(b)** $4 \times 6 + \square = 38$ [1]

**(c)** $4 \times \square - 6 = 38$ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**


**6** Tá costas £38.50 móide 20% CBL (*VAT*) ar dhruilire.
Ríomh an CBL (*VAT*).

Freagra £ ____________________ [2]

**7** Seasann *n* d'aon slánuimhir ar bith.
Suimítear *n* agus an chéad slánuimhir eile ar an uimhirlíne, agus an chéad cheann eile ina dhiaidh sin le chéile.
Cad é an cineál de shlánuimhir atá sa fhreagra?
**Taispeáin do chuid oibre.**

Freagra ______________________________ [2]

**8** Le tús a chur le cluiche, caithfidh Darragh **iomlán** de 2 nó de 5 nó de 7 a scóráil i ndiaidh dhá dhísle chothroma (neamhchlaonta) a chaitheamh.



**(a)** Comhlánaigh an tábla leis na hiomláin fhéideartha uilig a thaispeáint.

| + | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
| 3 | 4 | 5 | | | | |
| 4 | 5 | 6 | | | | |
| 5 | 6 | 7 | | | | |
| 6 | 7 | 8 | | | | |

[2]


**(b)** Cad é an dóchúlacht go gcuirfidh Darragh tús láithreach leis an chluiche?

Freagra ____________________ [2]

**9** Tá Triantán A frithchaite i líne lena íomhá Triantán B a thabhairt.

Tarraing líne an fhrithchaithimh.


A



B

[1]

**10** Méadaítear dronuilleog C le dronuilleog D a thabhairt.
Cad é fachtóir scála an mhéadaithe?





Freagra ____________________ [1]

9467.02

**[Tiontaigh an leathanach**

**11**




Rothlaítear triantán ABC deiseal 90° thart ar B.

**(a)** Ainmnigh slios dar fad atá cothrom le BC.

Freagra ____________________ [1]

**(b)** Ainmnigh uillinn dar méid atá cothrom le huillinn BAC.

Freagra ____________________ [1]

**12** Tá 21 píosa faoiste i mála.
Tá blas fanaile ar 6 phíosa acu agus tá blas gallchnó ar 8 bpíosa acu. Tá blas rísín ar an chuid eile acu.
Tógann Josh píosa faoiste go randamach as an mhála.
Cad é an dóchúlacht

**(a)** nach fanaile é,

Freagra ____________________ [1]


**(b)** gur rísín é?

Freagra ____________________ [1]

**13** Roinntear £$X$ go cothrom idir $c$ páiste.
Scríobh **foirmle** don méid airgid £$A$ ba chóir do gach páiste a fháil.

Freagra ______________________________ [2]

**14** Taispeánann an graf turas i gcóiste ó Bhaile an Droichid go Gort na Bealtaine.




**(a)** Tabhair míniú praiticiúil ar an líne chothrománach ar an ghraf.

Freagra ______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(b)** Ríomh an meánluas don turas iomlán ó Bhaile an Droichid go Gort na Bealtaine.

Freagra ____________________ [3]

**15** Nuair atá $32.5 \times 24 = 780$, scríobh an luach atá ar

**(a)** $32.5 \times 2.4$

Freagra ____________________ [1]

**(b)** $78 \div 24$


Freagra ____________________ [1]

**(c)** $32.5 \times 12$

Freagra ____________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

**16** **(a)** Frithchaith triantán A sa líne $y = 1$




[2]

**(b)** Cuir síos go hiomlán ar an chlaochlú aonair a bhogann triantán A go triantán B.

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________ [2]

**Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.**

**17** Casann Aidan, Ben agus Caitlín rothlóir 20 uair an duine.
Baineann siad úsáid as cairt scóir leis na scóir 1, 2 agus 3 acu a thaifeadadh.

| | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|
| Aidan | 𝍸 \| | \|\|\| | 𝍸 |
| Ben | 𝍸 \|\|\| | \|\| | \|\|\| |
| Caitlin | 𝍸 \| | \|\|\|\| | \| |

Bhain siad uilig úsáid as an rothlóir amháin **chéanna** de na ceithre rothlóir seo a leanas.




Cé acu rothlóir a d’úsáid siad, dar leat?

**Mínigh go soiléir** cad chuige a ndearna tú an rogha seo.

Freagra Rothlóir __________ mar ______________________________

______________________________________________________________


______________________________________________________________

______________________________________________________________ [3]

**[Tiontaigh an leathanach**

**18** Bain úsáid as rialóir agus as compás, leo féin, leis an uillinn ABC sa triantán thíos a dhéroinnt.

**Taispeáin do chuid stuanna tógála uilig.**




[2]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

**LEATHANACH BÁN**

LEATHANACH BÁN

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| 16 | |
| 17 | |
| 18 | |
| **Marc Iomlán** | |

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.